# Socrú Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an Meabhrán Tuisceana idir Eurojust agus IberRed

## maidir le húsáid Chóras Cumarsáide Slán Iber@

# Socrú Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an Meabhrán Tuisceana idir Eurojust agus IberRed

## maidir le húsáid Chóras Cumarsáide Slán Iber@

**Ardrúnaíocht IberRed, an Líonra Ibéir-Mheiriceánach um Chomhar Dlíthiúil Idirnáisiúnta,**

arna ionadú chun críocha an tSocraithe Cur Chun Feidhme seo ag

An Uasal Enrique Gil Botero, Ardrúnaí COMJIB/IberRed

agus

**Eurojust,**

arna ionadú chun críocha an tSocraithe Cur Chun Feidhme seo ag

An Uasal Ladislav Hamran, Uachtarán Eurojust

(dá ngairtear le chéile ina dhiaidh seo na "Páirtithe", nó "Páirtí" ina n-aonar)

**Ag féachaint** don Rialachán lena gcruthaítear IberRed, an Líonra Ibéir-Mheiriceánach um Chomhar Dlíthiúil Idirnáisiúnta, a d'fhógair Comhdháil Ibéir-Mheiriceánach na nAirí Ceartais (COMJIB) mar aon le Cruinniú Mullaigh Breithiúnach Ibéir-Mheiriceánach (CJI) agus Comhlachas Ibéir-Mheiriceánach na nIonchúisitheoirí Poiblí (AIAMP) in Cartagena de Indias, an Cholóim, an 27-29 Deireadh Fómhair 2004,

**Ag féachaint** do Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an Cinneadh sin,

**Ag féachaint** don Mheabhrán Tuisceana idir Eurojust agus IberRed an 4 Bealtaine 2009, go háirithe Pointí 2(1), 3, 4(2) agus 7,

**De bhrí** nach n-áireofar le malartú faisnéise nó taithí dá bhforáiltear i bPointe 3 agus i bPointe 7 den Mheabhrán Tuisceana idir Eurojust agus IberRed an 4 Bealtaine 2009 tarchur faisnéise oibríochtúla, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le duine aitheanta nó inaitheanta,

**De bhrí** gur chruthaigh IberRed córas slán cumarsáide, Iber@, do Phointí Teagmhála agus Pointí Idirchaidrimh Údaráis Lárnacha an Líonra agus do líonraí idirnáisiúnta eile um chomhar dlíthiúil. Tá cáil ar an gcóras seo mar gheall ar chomh so-úsáidte agus chomh inrochtaine don úsáideoir atá sé, chomh maith leis an tslándáil agus an rúndacht is gá i réimse an chomhair trasteorann a sholáthar, agus

**De bhrí** go measann na Páirtithe, d'fhonn Iber@ a chomhdhlúthú mar chóras cumarsáide éifeachtach, slán agus iontaofa, go bhfuil sé inmholta creat rialála a bhunú chun an córas sin a úsáid,

Tar éis an méid seo a leanas **a chomhaontú:**

## Pointe 1

## Aidhm

Bunaítear leis an Socrú Cur Chun Feidhme seo sraith rialachán lena rialaítear na seirbhísí atá á dtairiscint ag Ardrúnaíocht IberRed maidir le cothabháil agus oibriú Iber@, chomh maith le tiomantas an dá Pháirtí a slándáil a ráthú.

## Pointe 2

## Cuspóir Chóras Cumarsáide Slán Iber@

1. Is é cuspóir Chóras Cumarsáide Slán Iber@ cumarsáid shlán, líofa agus iontaofa a bhunú idir na Pointí Teagmhála agus Pointí Idirchaidrimh Údaráis Lárnacha an Líonra agus líonraí comhair idirnáisiúnta eile.

2. Ní úsáidfear Córas Cumarsáide Slán Iber@ le haghaidh:

    a) Gníomhaíochtaí nach mbaineann le raon feidhme an Mheabhráin Tuisceana idir Eurojust agus IberRed an 4 Bealtaine 2009;
    b) Faisnéis rúnaicmithe AE (FRAE) a mhalartú;
    c) Gníomhaíochtaí neamhdhleathacha;
    d) Gníomhaíochtaí atá contrártha le caighdeáin mhorálta agus dea-chleachtas a nglactar leo go ginearálta; nó
    e) Gníomhaíochtaí atá ag cur i gcoinne na bprionsabal atá mar bhonn le IberRed.

3. Maidir le malartú faisnéise nó taithí trí Chóras Cumarsáide Slán Iber@, ní bheidh tarchur faisnéise oibríochtúla, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le duine aitheanta nó inaitheanta, ina chuid den mhalartú sin.

## Pointe 3

## Oibleagáidí Eurojust

1. Cuirfidh Eurojust IberRed ar an eolas i scríbhinn faoi ainmniú na bPointí Teagmhála agus na bPointí Idirchaidrimh i gCóras Cumarsáide Slán Iber@.

2. Cinnfear líon na bPointí Teagmhála a ainmneoidh Eurojust le comhaontú frithpháirteach na bPáirtithe le linn chur chun feidhme an tSocraithe Cur Chun Feidhme seo.

3. Cuirfidh Eurojust in iúl, sa teachtaireacht lena n-ainmnítear na Pointí Teagmhála, ainm iomlán gach oifigigh agus an phoist arna sealbhú, i dteannta le "Foirm Sannta" comhlánaithe go cuí agus ceangailte mar Aguisín 1 a ghabhann leis an Socrú Cur Chun Feidhme seo.

4. Áiritheoidh Eurojust go seolfaidh gach oifigeach atá sannta mar Phointe Teagmhála agus atá údaraithe Iber@ a úsáid an "Socrú Rúndachta" comhlánaithe agus sínithe atá ceangailte mar Aguisín 2 a ghabhann leis an Socrú Cur Chun Feidhme chuig IberRed, ionas gur féidir an t-oifigeach atá sannta mar úsáideoir Chóras Cumarsáide Slán Iber@ a ghníomhachtú.

5. Tabharfaidh Eurojust fógra láithreach do IberRed i gcás ina n-éireoidh oifigeach as a p(h)ost a shealbhú nó a f(h)eidhmeanna a chomhlíonadh, ionas go bhféadfaidh IberRed a rochtain ar Chóras Cumarsáide Slán Iber@ a dhíchumasú láithreach. Féadfar ainm Pointe Teagmhála nua a sholáthar ag an am céanna.

## Pointe 4

## Oibleagáidí IberRed

1. Comhordóidh IberRed an próiseas a bhaineann le rochtain úsáideoirí ar Chóras Cumarsáide Slán Iber@ a dheonú, a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh de réir na nósanna imeachta a bhunaítear sa Socrú seo agus ag cur na rialacha teicniúla lena ráthaítear slándáil an chórais san áireamh.

2. Cuirfidh IberRed ainmneacha úsáideora agus pasfhocail ar fáil do na húsáideoirí arna n-ainmniú ag Eurojust chun rochtain a fháil ar Chóras Cumarsáide Slán Iber@.

3. Cuirfidh IberRed cúnamh teicniúil agus oiliúint ar fáil chun úsáid cheart Chóras Cumarsáide Slán Iber@ a áirithiú.

4. Freagróidh IberRed ceisteanna maidir le húsáid, feidhmiú agus lochtanna ar Chóras Cumarsáide Slán Iber@ chomh tapa agus is féidir ionas nach ndéanfar difear don tseirbhís a chuirtear ar fáil.

5. Cuirfidh IberRed suíomh sábháilte ar fáil do fhreastalaí Chóras Cumarsáide Slán Iber@, le rochtain shrianta.

6. Tabharfaidh IberRed rochtain ar Chóras Cumarsáide Slán Iber@ do na Pointí Teagmhála arna n-ainmniú ag Eurojust, ar choinníoll go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Phointe 3 den Socrú Cur Chun Feidhme seo.

7. Díchumasóidh IberRed na Pointí Teagmhála i gCóras Cumarsáide Slán Iber@ a luaithe a dheimhneofar na cúiseanna atá leis an bhfionraí nó leis an bhfoirceannadh a leagtar síos sa Socrú Cur Chun Feidhme seo.

**Pointe 5**

**Rochtain ar Chóras Cumarsáide Slán Iber@ a chur ar fionraí**

Cuirfidh IberRed rochtain ar Chóras Cumarsáide Slán Iber@ ar fionraí:

a) I gcás ina bhfuil cúiseanna ann lena thoimhdiú nach oifigeach de chuid Eurojust é an Pointe Teagmhála a thuilleadh; nó

b) Arna iarraidh sin go sainráite ag Eurojust.

Leanfar leis an bhfionraí fad is a bheidh éifeacht leis.

**Pointe 6**

**Rochtain ar Chóras Cumarsáide Slán Iber@ a fhoirceannadh**

Déanfaidh IberRed rochtain ar Chóras Cumarsáide Slán Iber@ a fhoirceannadh:

a) De thoradh úsáid mhícheart nó mhíchuí Chóras Cumarsáide Slán Iber@ nó úsáid atá contrártha le rialacháin an tSocraithe Cur Chun Feidhme seo nó le prionsabail IberRed;

b) Arna iarraidh sin go sainráite ag Eurojust;

c) De bharr nár comhlíonadh an Socrú Cur Chun Feidhme seo;

d) Más rud é gur éirigh an t-úsáideoir as de bheith ina (h)oifigeach de chuid Eurojust.

I gcásanna den sórt sin ina bhfoirceannfar úsáideoir, féadfaidh Eurojust Pointe Teagmhála nua a ainmniú in ionad an phointe atá díchláraithe. Chun é sin a dhéanamh, leanfar an nós imeachta arna bhunú sa Socrú Cur Chun Feidhme seo.

**Pointe 7**

**Pointí ginearálta**

1. I bhfianaise shaintréithe teicniúla agus slándála Chóras Cumarsáide Slán Iber@, níl rochtain ag IberRed ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil trí Chóras Cumarsáide Slán Iber@, ná níl an fhaisnéis á rialú aige ná níl sé freagrach as an bhfaisnéis. Tá úsáideoirí an chórais freagrach as faisnéis a scaiptear trí Chóras Cumarsáide Slán Iber@.

2. Ní mór d’úsáideoirí Chóras Cumarsáide Slán Iber@ rúndacht a bpasfhocal chun Córas Cumarsáide Slán Iber@ a rochtain a chinntiú, agus dá bhrí sin, ní féidir leo a bpasfhocail a roinnt le tríú páirtithe. Beidh aon úsáideoir a dhéanann amhlaidh freagrach as an leochaileacht a d’fhéadfaí a chruthú dá (h)institiúid agus d’úsáideoirí eile Chóras Cumarsáide Slán Iber@.

3. Tá sé d'oibleagáid ar úsáideoirí Chóras Cumarsáide Slán Iber@ cloí le haon bhearta a d'fhéadfadh Ardrúnaíocht IberRed glacadh leo chun rúndacht agus slándáil Chóras Cumarsáide Slán Iber@ a choinneáil.

4. Is ar Eurojust amháin atá an fhreagracht as aon ghníomh a rinne aon cheann dá Phointí Teagmhála a d'éirigh as a bheith ag obair do Eurojust nó a d'éirigh as a c(h)uid feidhmeanna agus a leanann, ainneoin an méid sin, de rochtain a bheith aige/aici ar Chóras Cumarsáide Slán Iber@ mar gur theip ar Eurojust fógra a thabhairt i scríbhinn do IberRed láithreach, ionas nach gcuirfí a rochtain ar Chóras Cumarsáide Slán Iber@ ar fionraí nó nach ndéanfaí an rochtain sin a fhoirceannadh.

**Pointe 8**

**Costais a bhaineann le rochtain ar Chóras Cumarsáide Slán Iber@**

1. Soláthróidh IberRed rochtain saor in aisce ar Chóras Cumarsáide Slán Iber@ do na Pointí Teagmhála go léir arna n-ainmniú ag Eurojust. Fuarthas maoiniú le haghaidh cothabháil agus feabhsú Chóras Cumarsáide Slán Iber@ ó ranníocaíochtaí COMJIB. Leanfaidh COMJIB de bheith ag comhoibriú chun an córas a mhaoiniú, agus féadfaidh comhaltaí bunaitheacha eile IberRed, i.e. AIAMP nó CJI, nó institiúidí idirnáisiúnta eile, ranníocaíochtaí a chur ar fáil freisin. Ráthaítear leis an méid thuas go mbeidh rochtain chothrom ag gach institiúid ó na tíortha ar comhaltaí de IberRed iad.

2. Tabharfar aird chuí ar aon fheabhsuithe ar Chóras Cumarsáide Slán Iber@ a d'fhéadfadh Eurojust a mholadh, ach ní thugann IberRed aon ghealltanas aon tograí den sórt sin a chur i gcrích.

**Pointe 9**

**Maoirseacht agus sonraí teagmhála**

1. Is é an t-ionadaí IberRed atá freagrach as comhlíonadh agus comhordú na ngníomhaíochtaí agus na n-oibleagáidí a luaitear sa Socrú Cur Chun Feidhme seo Ardrúnaí IberRed. Ba cheart gach cumarsáid a sheoladh tríd an bpost nó trí ríomhphost chuig:

   Secretaría General de la IberRed
   Comhordaitheoir an Bhainisteora Tionscadail
   Paseo de Recoletos, 8
   28001 Maidrid (an Spáinn)
   Teil.: +34 91 575 3624
   secretaria.general@iberred.org

2. Is í Rúnaíocht an Rialachais ionadaí Eurojust atá freagrach as comhlíonadh agus comhordú na ngníomhaíochtaí agus na n-oibleagáidí a ndéantar cur síos orthu sa Socrú Cur Chun Feidhme seo. Ba cheart gach cumarsáid a sheoladh tríd an bpost nó trí ríomhphost chuig:

Eurojust
Rúnaíocht an Rialachais
Johan de Wittlaan, 9
2517 JR Den Haag
An Ísiltír
Teil. + 31 (0)70 412 50 92/50 93/56 14
governancesecretariat@eurojust.europa.eu

3. Ní mheasfar aon chumarsáid a eascraíonn ón Socrú Cur Chun Feidhme seo a bheith bailí ach amháin má chuirtear chuig na teagmhálaithe agus chuig na daoine atá sonraithe ag na páirtithe sa Socrú Cur Chun Feidhme seo iad.

4. Féadfaidh ceachtar Páirtí a ionadaí a athrú, agus sa chás sin ba cheart dó an méid sin a chur in iúl i scríbhinn don Pháirtí eile, agus ainm agus sonraí teagmhála an ionadaí nua a shonrú.

**Pointe 10**

**Difríochtaí a réiteach**

Réiteofar aon choinbhleacht i léirmhíniú nó i gcur i bhfeidhm an tSocraithe Cur Chun Feidhme seo go cairdiúil trí chomhairliúchán agus trí chaibidlíocht idir na páirtithe.

**Pointe 11**

**Ré agus foirceannadh**

1. Tiocfaidh an Socrú Cur Chun Feidhme seo i bhfeidhm ar an dáta a shíneoidh an páirtí deireanach é. Déanfar an Socrú Cur Chun Feidhme seo a fhadú go huathoibríoch gach dhá bhliain mura sonraíonn ceann de na Páirtithe a mhalairt go sainráite.

2. Déanfar an Socrú Cur Chun Feidhme a fhoirceannadh le toiliú frithpháirteach na bPáirtithe nó má chuireann ceachtar Páirtí an Páirtí eile ar an eolas i scríbhinn trí réamhfhógra nócha lá, ar a laghad, a thabhairt.

Dá fhianú sin, déanann ionadaithe na bPáirtithe, arna n-údarú go cuí chuige sin, an Socrú Cur Chun Feidhme seo a shíniú ar fhoirm dhúblach i mBéarla.

| | |
|---|---|
| Thar ceann IberRed,<br>Ard-Rúnaí COMJIB/IberRed, | Thar ceann Eurojust,<br>An tUachtarán, |
| An tUasal Enrique Gil Botero | An tUasal Ladislav Hamran |

# AGUISÍN I

## AINMNIÚ ÚSÁIDEOIR EUROJUST LE HAGHAIDH IBER@

**1.- Tír: ______________________________________________________**

**2.- Ainm na hinstitiúide: __________________________________________**

**3.- Sonraí an Phointe Teagmhála ainmnithe:**

**a.- Céadainm: _______________________________________________**

**b.- Sloinne: ____________________________________________________**

**c.- Post: _______________________________________________________**

**d.- Seoladh poist: ________________________________________________**

**e.- Ríomhphoist institiúideacha: _________________________________**

**f.- Uimhreacha teileafóin na hoifige le cóid tíre agus ceantair: (____)___________________**

**g.- Uimhir fóin phóca le cóid tíre agus ceantair: (___)__________________**

**h.- Teangacha a labhraítear: _____________________________________________**

**Pointe Teagmhála ainmnithe ag:** __________ ________________ _____________________________

**SLOINNE** **POST**

___________________________

**Síniú agus stampa na hinstitiúide**

**Comhlánaigh agus seol an leathanach seo chuig secretaria.general@iberred.org**

7

Paseo de Recoletos, 8, 1º; 28001-MAIDRID (España)
Teil. +34 915 753 624
secretaria.general@comjib.org

## AGUISÍN II

## GEALLTANAS ÚSÁIDEOIR EUROJUST

Dearbhaímse, ______________________, Comhalta Náisiúnta le haghaidh (sonraigh an tír)________________________ ag Eurojust, i mo cháil mar **úsáideoir Iber@**, go bhfuilim ar an eolas faoi aidhmeanna agus cuspóirí Chóras Cumarsáide Slán Iber@ mar atá sonraithe sa "Socrú Cur Chun Feidhme maidir le húsáid Chóras Cumarsáide Slán ***Iber@"*** idir IberRed agus Eurojust (dá ngairtear an "Socrú" anseo feasta) agus geallaim:

1- Páirt a ghlacadh san oiliúint a chuirfidh Ardrúnaíocht IberRed ar fáil chun úsáid chuí a bhaint as an gCóras ***Iber@***, faoi réir infhaighteacht na n-acmhainní riachtanacha.

2- ***Iber@*** a úsáid go cuí agus go leanúnach i gcomhréir leis an Socrú.

3- A bheith eolach ar na cúiseanna le haghaidh fionraí agus cealú mar úsáideoir ***Iber@***, i gcomhréir le forálacha an tSocraithe.

4- Na forálacha arna nglacadh ag Ardrúnaíocht IberRed maidir le faisnéis rúnda a láimhseáil a chomhlíonadh, i gcomhréir le forálacha an tSocraithe.

5- Fiosrúcháin agus iarratais a fhaightear trí ***Iber@*** a fhreagairt go pras agus sa tréimhse ama is giorra is féidir.

6- Fógra a thabhairt láithreach d'Ardrúnaíocht IberRed agus i scríbhinn trí Rúnaíocht Rialachais Eurojust, má tá mé dícheangailte ó mo ról nó ó mo cháil mar chomhalta náisiúnta ag Eurojust.

**Dáta: ______________________________**

**Áit: ______________________________**

**Síniú: _________________________**

**Comhlánaigh an leathanach seo agus seol chuig secretaria.general@iberred.org**